

Post oscailte

Oifigeach Cuairteoirí agus Slándála

Oifigeach Cléireachais, Post Buan, Lánaimseartha

Páirc Thurlaigh, Co. Mhaigh Eo

Dáta Deiridh le haghaidh Iarratais

Dé hAoine 24 Deireadh Fómhair 2025

...

Ní mór iarratais a bheith faighte tráth nach déanaí ná 17:00. Ní ghlacfar le foirmeacha iarratais déanacha. Cloífead leis an dáta agus an t-am go dian, agus dá bhrí sin, tá an fhreagracht ar an iarrthóir a chinntiú go bhfaightear an t-iarratas roimh an spriocdháta.

Tá **Ard-Mhúsaem na hÉireann (NMI)** ag lorg iarratas ó iarrthóirí oiriúnacha chun an post mar Oifigeach Cuairteoirí agus Slándála (Leibhéal Oifigigh Chléireachais) a líonadh in Ard-Mhúsaem na hÉireann, Páirc Thurlaigh, Co. Mhaigh Eo. Is post Lánaimseartha, Buan é seo. Líonfar an post seo trí agallaimh oscailte iomaíochta a dhéanamh.

Cuspóir an Phoist:

Chun an tseirbhís laethúil a sholáthar do chuairteoirí agus chun seirbhísí sláinte agus sábháilteachta agus slándála a chur ar fáil ag Ard-Mhúsaem na hÉireann, Páirc Thurlaigh, Co. Mhaigh Eo.

TREORACHA AN IARRATAIS

Cuirtear iarratais isteach ar an gcuid folúntas de **shuíomh gréasáin Ard-Mhúsaem na hÉireann:** <https://www.museum.ie/en-IE/About/Careers/Vacancies>

Is gá d'iarrthóirí an fhoirm iarratais chomhlánaithe, CV cothrom le dáta, agus litir chumhdaigh a chur isteach. **[Iarraimid ar iarrthóirí go gcuirtear na trí cháipéis ar fad le chéile agus iad a chur isteach ar PDF aonair amháin.](#)**

Ní mór an fhoirm iarratais a líonadh isteach go hiomlán agus í a chur isteach i gclóscríbhinn. Ní ghlacfar le hiarratais lámhscríofa agus iarratais atá san fhormáid mhícheart. Mura ndéanann tú amhlaidh, beidh an t-iarratas neamhiomlán, agus ní bhreithneofar é.

Chun tús a chur leis an bpróiseas iarratais, tabhair cuairt ar ár leathanach Folúntais.

Céimeanna le clárú:

- Téigh go dtí an leathanach Folúntais agus roghnaigh an post atá tú ag iarraidh cur isteach air.
- Léigh an Leabhrán Eolais le haghaidh sonraí iomlána maidir leis an bpost.
- Tá na cáipéisí atá ag teastáil le haghaidh d'iarratais le feiceáil ar an leathanach sin mar naisc.
- Cliceáil gach cáipéis, agus osclóidh sé i bhfuinneog nua. Déan gach cáipéis a íoslódáil/shábháil ar do ríomhaire/ghléas.
- Líon amach na cáipéisí atá ag teastáil agus cuir le chéile iad i **PDF aonair amháin** mar aon le do CV agus litir chumhdaigh.
- Nuair atá sé sin críochnaithe, téigh ar ais go dtí suíomh gréasáin NMI chun an próiseas iarratais a chur i gcrích.
- Arís, ón leathanach Folúntais, aimsigh an post atá tú ag iarraidh cur isteach air.
- Cliceáil an cnaipe **Cuir Isteach Air Anois**.
- Cuir an fhoirm i gcrích.
- Déan do PDF comhcheangailte aonair a uaslódáil.
- Déan an tseiceáil Captcha a chríochnú agus cliceáil **Cuir Isteach d'Iarratas**.

Cuir **seoladh ríomhphoist bailí a dhéantar monatóireacht air** ar fáil. Úsáidfear an ríomhphost mar admháil ar d'iarratas agus mar phríomhbhealach teagmhála chun teagmháil a dhéanamh le hiarrthóirí.

Spriocdháta le haghaidh Iarratas

**Ní mór iarratais a fháil tráth nach déanaí ná 17:00
Dé hAoine, 24 Deireadh Fómhair 2025**

Ní ghlacfar le foirmeacha iarratais déanacha. Cloífeá leis an dáta agus an t-am go dian, agus dá bhrí sin, tá an fhreagracht ar an iarrthóir a chinntiú go bhfaightear an t-iarratas roimh an spriocdháta. **Beidh dícháiliú iarrthóirí mar thoradh ar chanbhasáil.**